

North South Ministerial Council
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidh THEAS

CRUINIÚ AN FHORAIS TEANGA THUaidh THEAS

IN OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT NA COMHAIRLE, ARD MHACHA, AGUS TRÍ FHÍSCHOMHDHÁIL

27 SAMHAIN 2020

CHOMHRÁITEAS

1. Tionóladh an seachtú cruinniú is fiche d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Oifigí Chomhrúnaíocht an CATT, Ard Mhacha, agus trí fhíschomhdháil an 27 Samhain 2020. Bhí Jack Chambers TD, Aire Stáit na Gaeltachta agus Spóirt, Carál Ní Chuilín MLA, Aire Pobal, agus Gordon Lyons MLA, Aire Sóisearach, i láthair ag an gcruinniú. Rinne an tAire Chambers cathaoirleacht ar an gcruinniú.

AN FHREAGAIRT DO COVID-19

2. Mhol an Chomhairle tiomantas leanúnach na mball foirne agus na n-eagraíochtaí uile sa dá dhlínse a bhíonn ag obair chun earnálacha na Gaeilge agus na hUltaise a chur chun cinn agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh le linn phaindéim Covid-19. Nótáil na hAirí tionchar na paindéime ar an earnáil agus na bearta a chuir an

dá Údarás Riaracháin i bhfeidhm chun dúnadh eagraíochtaí tábhachtacha a chosc, chun an earnáil a chobhsú agus chun téarnamh, athnuachan agus athrú a chothú san fhadtéarma.

3. Nótáil na hAirí an comhar leanúnach táirgiúil atá ar bun idir an dá Údarás Riaracháin agus an Foras Teanga Thuaidh Theas i ndáil le tacaí a sholáthar do phobail Ghaeilge agus Ultaise atá ag déileáil le dúshlán de bharr phaindéim Covid-19.

IMPLEACHTAÍ THARRAINGT SIAR NA RÍOCHTA AONTAITHE AS AN AONTAS EORPACH

4. Nótáil an Chomhairle go leanfadh Gníomhaireachtaí an Fhorais Teanga Thuaidh Theas (Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise) orthu ag obair i gcomhar leis an dá Roinn Urraíochta chun breithniú a dhéanamh ar thionchar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach. Tugadh le fios nach bhfuil an Foras Teanga ag súil leis go n-imreofar tionchar suntasach ar an earnáil de bharr tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus go gcoinneofaí an ní sin faoi athbhreithniú ag cruinnithe amach anseo de chuid na Comhairle a bhaineann leis an earnáil.

TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN AN FHORAIS TEANGA

5. Rinne an Chomhairle tuarascálacha ar dhul chun cinn a fuarthas ó na Príomhoifigigh Feidhmiúcháin ar Ghníomhaireacht na hUltaise agus ar Fhoras na Gaeilge don tréimhse 2017-2020 a nótáil, maraon le príomhéachtaí a ghnóthaigh an Foras Teanga Thuaidh Theas ón gcruinniú earnála roimhe. Áirítear iad seo a leanas leis na héachtaí sin:
 - dáileadh chúnamh deontais arbh fhiú níos mó ná £4 mhilliún é chun tacú le gníomhaíochtaí cultúrtha Ultaise ar fud Chúige Uladh;
 - forbraíodh Ionad Fionnachtana Ultaise i nDún na nGall Thoir agus athchóiríodh Ionad Oidhreacht Ultaise Monreagh ar an gCarraigín;
 - d'fhoilsigh Foras na Gaeilge an foclóir Béarla-Gaeilge ar líne. Seoladh an leagan clóite den fhoclóir ina dhiaidh sin, rud a bhíonn á dháileadh ar shiopaí leabhar anois;
 - sholáthair Foras na Gaeilge tacaí do thart ar 400 eagraíocht gach bliain trí 23 scéim ar leith agus soláthraíodh cistiú do thuairim is 170 grúpa faoi na scéimeanna do dhaoine óga, do thart ar 50 grúpa a thacaíonn le féilte agus do 18 gcompántas drámaíochta.

CEAPACHÁIN COMHALTAÍ BOIRD

6. Cheadaigh an Chomhairle ceapacháin Daithí Mac Cárthaigh, an Dr Neasa Ní Chiaráin agus Ola Majekodunmi chuig Bord an Fhorais Teanga.

DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE

7. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile den Fhoras Teanga go luath sa bhliain 2021.

An Chomhrúnaíocht
27 Samhain 2020

www.northsouthministerialcouncil.org